Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Nollaig 2017
(OR. en)

15540/17

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0329 (COD)**

**AGRI 686**
**AGRILEG 248**
**VETER 123**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Nollaig 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2017) 742 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 92/66/CEE ón gComhairle lena dtugtar isteach bearta Comhphobail maidir le rialú ghalar Newcastle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2017) 742 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: COM(2017) 742 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 6.12.2017
COM(2017) 742 final

2017/0329 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 92/66/CEE ón gComhairle lena dtugtar isteach bearta Comhphobail maidir le rialú ghalar Newcastle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS DLÍTHIÚIL NA TREORACH SEO

I dTreoir 92/66/CEE ón gComhairle leagtar síos bearta atá le cur i bhfeidhm i gcás ina dtarlaíonn ráig de ghalar Newcastle in éanlaith chlóis agus in éanlaith áirithe eile. I measc nithe eile, tugann an Treoir de chumhacht don Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir a leasú. Tá sé de chumhacht *inter alia*,ag an gComhairle dá bharr sin an méid seo a leanas a leasú: Iarscríbhinn V, Iarscríbhinn VI agus Iarscríbhinn VII, lena gcumhdaítear ainmniúchán Saotharlainne Tagartha de chuid an Aontais Eorpaigh (EURL) um ghalar Newcastle, an teimpléad a bheidh le húsáid ag na Ballstáit chun staid an ghalair, agus na bearta rialaithe a chuirfear i bhfeidhm, a thuairisciú don Choimisiún, mar aon leis na critéir a bheidh ar na Ballstáit a chomhlíonadh agus iad ag tarraingt suas pleananna teagmhais a bheidh le cur chun feidhme i gcás ráig galair.

Tá na cumhachtaí arna dtabhairt don Chomhairle ag teacht salach ar an gcóras nua reachtaíochta agus ceaptha rialacha feidhmiúcháin a tugadh isteach leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), le hAirteagal 291 go sonrach. Anuas air sin, maidir le hainmniúchán EURLanna, níl na forálacha reatha maidir le leasú ar Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 92/66/CEE ón gComhairle comhsheasmhach leis an gcóras nua ainmniúcháin do EURLanna arna dtabhairt isteach le Rialachán (AE) 2017/625 maidir le Rialuithe Oifigiúla. Ceanglaítear leis an Rialachán sin go n-ainmneoidh an Coimisiún EURLanna trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme.

Is é is cuspóir don togra seo Treoir 92/66/CEE ón gComhairle a chur i gcomhréir le CFAE agus leis na forálacha nua maidir le rialú oifigiúil d'fhonn comhleanúnachas agus deimhneacht a áirithiú ó thaobh an dlí de chun gur féidir an simpliú is gá ar nósanna imeachta a dhéanamh.

An tSaotharlann Tagartha Eorpach (EURL) um ghalar Newcastle atá ann faoi láthair, is sa Ríocht Aontaithe atá sí lonnaithe. Dá bhrí sin, ní mór EURL eile a chur ina háit i gceann éigin de na 27 mBallstát eile i bhfianaise an Ríocht Aontaithe a bheith ag imeacht as an Aontas. De réir an nós imeachta atá ann is trí bhíthin Treoir ón gComhairle a dhéantar EURL um ghalar Newcastle a ainmniú. Dá bharr sin, tá gá géar le nós imeachta ailínithe simplithe ar mhaithe le cinneadh a dhéanamh chun go mbeidh an EURL nua ag feidhmiú go cuí faoin dáta a imeoidh an Ríocht Aontaithe as an Aontas. Fágfaidh an t-athbhreithniú teicniúil sin ar an Treoir gur féidir leas a bhaint as an nós imeachta cur chun feidhme iomchuí chun EURL nua um ghalar Newcastle a ainmniú laistigh de na spriocdhátaí dochta i dtaca le Brexit.

Cé gurb é an Treoir i gceist a chur i gcomhréir le CFAE agus le rialacha an Aontais maidir le hainmniúchán EURLanna an príomhchuspóir, fágfaidh na bearta a mholtar sa togra seo go mbeidh comhsheasmhacht dhlíthiúil níos mó, agus nósanna imeachta cur chun feidhme níos cuíchóirithe, ann.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH NA TREORACH SEO

Baineann an t-athbhreithniú ar Threoir 92/66/CEE le hathruithe teicniúla riachtanacha agus leo sin amháin. Is gá na hathruithe seo a dhéanamh chun comhsheasmhacht le CFAE agus Rialachán (AE) 2017/625 maidir le rialuithe oifigiúla a áirithiú. Chuathas i gcomhairle le réimse mór páirtithe leasmhara maidir leis an gConradh agus an Rialachán.

Ina theannta sin, i bhfianaise chineál teicniúil/nós imeachta na n-athruithe atá beartaithe, meastar nach gá straitéis comhairliúcháin iomlán poiblí a dhéanamh sa chás áirithe seo. Beidh feidhm ag an sásra aiseolais 4 seachtaine atá ar an Treochlár.

## 3. BUNÚS DLÍ NA TREORACH SEO

Is é Airteagal 43(2) CFAE an bunús dlí.

## 4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Níl sé intuigthe ón togra go dtabhófar aon chaiteachas nach bhforáiltear dó cheana féin i ráiteas airgeadais an chreata choitinn airgeadais. Níl tuilleadh acmhainní daonna beartaithe ach chomh beag.

2017/0329 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 92/66/CEE ón gComhairle lena dtugtar isteach bearta Comhphobail maidir le rialú ghalar Newcastle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) I dTreoir 92/66/CEE[2] ón gComhairle leagtar síos bearta rialaithe an Aontais atá le cur i bhfeidhm i gcás ina dtarlaíonn ráig de ghalar Newcastle in éanlaith chlóis, i gcolúir rásaíochta agus in éin eile a choinnítear i mbraighdeanas.

(2) Foráiltear in Airteagal 15 de Threoir 92/66/CEE go mbeidh tagairt do shaotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh um ghalar Newcastle in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir sin. In Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir sin déantar tagairt chuí don tsaotharlann sin agus liostaítear a cuid feidhmeanna agus na dualgais atá uirthi.

(3) In Airteagal 19 de Threoir 92/66/CEE leagtar síos bearta rialaithe a bheidh le déanamh ag na Ballstáit i gcás ina bhfuil amhras ann go bhfuil colúir theachtaireachta nó éin a choinnítear i mbraighdeanas ionfhabhtaithe le galar Newcastle. Foráiltear ann go ndéanfaidh na Ballstáit, a mhéid is gá chun na bearta rialaithe sin a chur i bhfeidhm mar is cuí, faisnéis a chur ar fáil don Choimisiún maidir le staid an ghalair agus leis na bearta rialaithe a chuirfear i bhfeidhm i gcomhréir leis an bhfoirm shamplach a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Treoir.

(4) Foráiltear in Airteagal 21 de Threoir 92/66/CEE go bhfuil ar na Ballstáit pleananna teagmhais a tharraingt suas, ina sonrófar na bearta náisiúnta a bheidh le cur chun feidhme i gcás ráig de ghalar Newcastle. Foráiltear ann go ndéanfar na critéir a bheidh le cur i bhfeidhm maidir leis na pleananna sin a tharraingt suas a leagan amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Treoir sin.

(5) Foráiltear in Airteagal 24 de Threoir 92/66/CEE go ndéanfaidh an Chomhairle na hIarscríbhinní a ghabhann léi a leasú, de réir mar is gá agus nuair is gá, ag gníomhú di

[1] IO C […], […], lch. […].
[2] Treoir 92/66/CEE ón gComhairle an 14 Iúil 1992 lena dtugtar isteach bearta Comhphobail maidir le rialú ghalar Newcastle (IO L 260, 5.9.1992, lch. 1).

trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, go háirithe chun forbairtí taighde agus forbairtí i nósanna imeachta diagnóiseacha a chur san áireamh.

(6) In Iarscríbhinn V, Iarscríbhinn VI agus Iarscríbhinn VII faoi seach de Threoir 92/66/CEE, leagtar amach (i) sonraí shaotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh um ghalar Newcastle mar aon lena cuid feidhmeanna agus na dualgais atá uirthi, (ii) an fhoirm shamplach a bheidh le húsáid ag na Ballstáit chun staid an ghalair, agus na bearta rialaithe a chuirfear i bhfeidhm, a thuairisciú; agus (iii) na critéir a bheidh ar na Ballstáit a chur i bhfeidhm maidir le pleananna teagmhais a tharraingt suas, ina sonrófar na bearta náisiúnta a bheidh le cur chun feidhme i gcás ráig de ghalar Newcastle.

(7) D'fhonn na nósanna imeachta maidir le rialú ghalar Newcastle a shimpliú agus a chuíchóiriú, agus, go háirithe, na rialacha nua maidir le hainmniúchán shaotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh dá bhforáiltear in Airteagal 93 de Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] a chur san áireamh, maille leis an gcóras nua chun gníomhartha a chur chun feidhme dá bhforáiltear in Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Rialachán 92/66/CEE a chur chun feidhme, ba cheart Iarscríbhinn V, Iarscríbhinn VI agus Iarscríbhinn VII de Threoir 92/66/CEE a scriosadh agus cumhachtaí cur chun feidhme sna réimsí a chumhdaítear leis na hIarscríbhinní sin a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4].

(8) Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart feidhmeanna agus dualgais shaotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh um ghalar Newcastle a leagan síos in Airteagal 15 de Threoir 92/66/CEE, agus ba cheart na critéir maidir leis na pleananna teagmhais a leagan síos in Airteagal 21 den Treoir sin.

(9) Ar mhaithe le comhsheasmhacht agus éifeachtúlacht, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar forálacha na Treorach seo a thrasuí go tráthúil.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 92/66/CEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
**Leasuithe ar Threoir 92/66/CEE**

Leasaítear Treoir 92/66/CEE mar a leanas:

---

[3] Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

[4] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

*'Airteagal 15*

1. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, saotharlann tagartha de chuid an Aontais Eorpaigh um ghalar Newcastle a ainmniú. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 25.

2. Is iad seo a leanas feidhmeanna agus dualgais shaotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh um ghalar Newcastle:

(a) na modhanna a úsáidtear sna Ballstáit chun galar Newcastle a dhiagnóisiú a chomhordú i gcomhairle leis an gCoimisiún, tríd an méid seo a leanas go sonrach:

(i) tréithchineálacha de víreas ghalar Newcastle a thíopáil, a stóráil agus a sholáthar i gcomhair tástálacha séireolaíocha agus chun antaiséirim a ullmhú;

(ii) séirim chaighdeánacha agus imoibreáin tagartha eile a sholáthar do shaotharlanna tagartha náisiúnta d'fhonn caighdeánú a dhéanamh ar na tástálacha agus ar na himoibreáin a úsáidtear sna Ballstáit;

(iii) bailiúchán de thréithchineálacha agus d'aonraígh víris de ghalar Newcastle a thiomsú agus a choinneáil;

(iv) tástálacha comparáideacha tréimhsiúla ar nósanna imeachta diagnóiseacha a eagrú ar leibhéal an Aontais;

(v) sonraí agus faisnéis maidir leis na modhanna diagnóise a úsáidtear agus torthaí na dtástálacha a dhéantar san Aontas a bhailiú agus a chomhthiomsú;

(vi) aonraígh de víris ghalar Newcastle a thréithriú trí bhíthin na modhanna is nua-aimseartha chun go mbeidh tuiscint níos fearr ar eipidéimeolaíocht ghalar Newcastle;

(vii) coinneáil ar an eolas faoi threochtaí i bhfaireachas, in éipidéimeolaíocht agus i gcosc ghalar Newcastle ar fud an domhain;

(viii) saineolas maidir le víreas ghalar Newcastle agus víris ábhartha eile a choinneáil chun gur féidir diagnóis dhifreálach mhear a dhéanamh;

(ix) eolas barainneach a chur ar ullmhú agus ar úsáid táirgí imdhíoneolaíochta tréidliachta a úsáidtear chun galar Newcastle a dhíothú agus a rialú;

(b) cabhrú go gníomhach le diagnóisiú ráigeanna de ghalar Newcastle sna Ballstáit trí aonraígh víris a fháil i gcomhair deimhniú diagnóise, tréithriú agus staidéir éipidéimeolaíochta;

(c) oiliúint agus athoiliúint saineolaithe ar dhiagnóisiú saotharlainne a éascú d'fhonn teicníochtaí a chomhchuibhiú ar fud an Aontais.';

(2) Leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. A mhéid is gá chun na bearta a leagtar síos san Airteagal seo a chur i bhfeidhm mar is cuí, cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin, de réir chreat an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha, faisnéis maidir le staid an ghalair agus na bearta rialaithe a cuireadh i bhfeidhm.’;

(b) cuirtear an mhír 6 seo a leanas isteach:

6. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a leagan síos maidir leis an bhfaisnéis a bheidh le cur faoi bhráid an Choimisiúin ag na Ballstáit dá bhforáiltear i gcomhréir le mír 5. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 25.’

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 21:

*‘Airteagal 21*

1. Déanfaidh gach Ballstát plean teagmhais a tharraingt suas, ina sonrófar na bearta náisiúnta a bheidh le cur chun feidhme i gcás ráig de ghalar Newcastle. Tabharfar an plean teagmhais cothrom le dáta, de réir mar is iomchuí, chun athruithe ar staid an ghalair a chur san áireamh.

Ní mór a cheadú leis an bplean teagmhais go mbeidh rochtain ar shaoráidí, trealamh, pearsanra agus gach ábhar riachtanach eile is gá chun ráig de ghalar Newcastle a dhíothú go pras agus go héifeachtúil. Ní mór tásc beacht a thabhairt sa phlean ar an riachtanas a mheasann gach Ballstát is gá le haghaidh vacsaíniú éigeandála.

2. Cuirfear na pleananna teagmhais agus aon nuashonruithe a dhéanfar orthu faoi bhráid an Choimisiúin.

3. Déanfaidh an Coimisiún na pleananna teagmhais agus aon nuashonruithe a dhéanfar orthu a scrúdú chun a chinneadh an bhfágann siad gur féidir an cuspóir inmhianaithe a bhaint amach agus molfaidh sé don Bhallstát lena mbaineann aon leasuithe is gá a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil na pleananna sin comhoiriúnach do phleananna na mBallstát eile.

Déanfaidh an Coimisiún na pleananna teagmhais agus aon nuashonruithe a dhéanfar orthu, agus aon leasuithe a dhéanfar más gá, a fhormheas i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 25.

4. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, critéir a leagan síos a bheidh ar na Ballstáit a chur i bhfeidhm maidir leis na pleananna teagmhais a tharraingt suas. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 25.’

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 25:

*‘Airteagal 25*

1. Gheobhaidh an Coimisiún cúnamh ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha arna bhunú le hAirteagal 58(1) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [*]. Is coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [**] a bheidh sa choiste sin.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

---

(*) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

(**) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).';

(5) Scriostar Iarscríbhinn V, Iarscríbhinn VI agus Iarscríbhinn VII.

*Airteagal 2*

**Trasuí**

Na forálacha is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 30 Meitheamh 2018. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach.

Cuirfidh siad na bearta sin i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2019.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

*Airteagal 3*

**Foráil idirthréimhseach**

Maidir le saotharlann tagartha an Chomhphobail um ghalar Newcastle dá dtagraítear in Iarscríbhinn V de Threoir 92/66/CEE, agus a ainmníodh roimh na leasuithe a rinneadh leis an Treoir seo, leanfaidh an t-ainmniúchán sin d'fheidhm a bheith aige go dtí go ndéanfar saotharlann tagartha um ghalar Newcastle de chuid an Aontais Eorpaigh a ainmniú go cuí i gcomhréir le hAirteagal 15 de Threoir 92/66/CEE arna leasú leis an Treoir seo.

*Airteagal 4*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 5*

**Seolaithe**

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |